Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Bealtaine 2022
(OR. en)

**9130/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0163(NLE)**

**TRANS 288**

**TOGRA**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Bealtaine 2022 |
| chuig: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 227 final |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 14ú cruinniú de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród a mhéid a bhaineann leis na modhnuithe ar na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a bhaineann le feidhmchláir theileamaitice le haghaidh lasta agus le modhnú Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF maidir le maoluithe, agus sa nós imeachta i scríbhinn de chuid Choiste Athbhreithnithe OTIF a mhéid a bhaineann leis an modhnú ar Fhoscríbhinn G a ghabhann le COTIF |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad COM(2022) 227 final.

---

Faoi iamh: COM(2022) 227 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.5.2022
COM(2022) 227 final

2022/0163 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 14ú cruinniú de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród a mhéid a bhaineann leis na modhnuithe ar na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a bhaineann le feidhmchláir theileamaitice le haghaidh lasta agus le modhnú Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF maidir le maoluithe, agus sa nós imeachta i scríbhinn de chuid Choiste Athbhreithnithe OTIF a mhéid a bhaineann leis an modhnú ar Fhoscríbhinn G a ghabhann le COTIF**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. ÁBHAR AN TOGRA

Baineann an togra seo le cinneadh lena mbunaítear an seasamh a ghlacfar thar ceann an Aontais ag:

a. Nós imeachta i scríbhinn an Choiste Athbhreithnithe de Choinbhinsiún na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) a mhéid a bhaineann le leasuithe áirithe ar an gCoinbhinsiún um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) agus ar na Foscríbhinní a ghabhann leis an gCoinbhinsiún sin. Ag a 13ú seisiún, d'iarr an Coiste Saineolaithe Teicniúla ar an gCoiste Athbhreithnithe cinntí a ghlacadh laistigh dá inniúlacht dá bhforáiltear in Airteagal 17 § 1, litir a) de COTIF agus Airteagal 33 § 4, litir g) de COTIF chun Airteagal 3a § 5 agus Airteagal 15 § 2 de na Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear i dTrácht Idirnáisiúnta (ATMF – Aguisín G a ghabhann le Coinbhinsiún COTIF) a leasú agus chun an Tuarascáil Mhíniúcháin Chomhdhlúite a mhodhnú dá réir; Is faoin nós imeachta i scríbhinn a dhéanfar an vótáil.

b. Beidh an 14ú seisiún de Choiste Saineolaithe Teicniúla (CTE) na hEagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) ar siúl i mBeirn an 14 – an 15 Meitheamh 2022. I glár oibre an chruinnithe áirítear an méid seo a leanas:

– Togra le haghaidh modhnú a dhéanamh ar na Saintreoracha Aonfhoirmeacha Teicniúla (UTP) a bhaineann le feidhmchláir teileamaitice do sheirbhísí lasta (TAF)

– Togra le haghaidh Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF a mhodhnú maidir le Maoluithe.

Forbraíonn OTIF córais dlí aonfhoirmeacha don iompar idirnáisiúnta d'iarnród i dtrí phríomhréimse gníomhaíochta: Idir-inoibritheacht theicniúil, earraí contúirteacha agus dlí na gconarthaí iarnróid.

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo na cinntí thuasluaite atá le glacadh ag an CTE agus ag an gCoiste Athbhreithnithe agus ní mór an seasamh a bheidh le glacadh thar ceann an Aontais a bhunú le Cinneadh ón gComhairle ar bhonn Airteagal 218(9) CFAE.

## 2. COMHTHÉACS AN TOGRA

### 2.1. An Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF)

An Coinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 ('COTIF'), is comhaontú idirnáisiúnta é inar Páirtithe Conarthacha iad an tAontas agus 25 Bhallstát[1].

An 16 Meitheamh 2011, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2013/103/AE maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Coinbhinsiún na Eagraíochta Idir-rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an

[1] Is iad an Chipir agus Málta amháin nach Páirtithe Conarthacha ann iad.

9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999[2] ('Comhaontú Aontachais AE-COTIF').

Tháinig an Comhaontú i bhfeidhm an 1ú Iúil 2011.

De réir Airteagal 2(1) de COTIF, is é is aidhm do OTIF an t-iompar idirnáisiúnta d'iarnród a chur chun cinn, a fheabhsú agus a éascú, ar gach bealach, go háirithe trí chórais a chruthú ina mbeidh dlí aonfhoirmeach i réimsí éagsúla an dlí a bhaineann leis an trácht idirnáisiúnta d'iarnród. Rialaíonn COTIF freisin reáchtáil na hEagraíochta, a cuspóirí, a saintréithe, a caidreamh leis na Páirtithe Conarthacha agus a cuid gníomhaíochtaí go ginearálta.

Dá bhrí sin, bíonn COTIF ag plé leis an reachtaíocht maidir le hiompar d'iarnród i ndáil le roinnt gnéithe dlíthiúla agus teicniúla a roinntear ina dhá chuid: an Coinbhinsiún féin lena rialaítear feidhmiú OTIF, agus na hocht bhFoscríbhinn lena mbunaítear dlí iarnróid aonfhoirmeach:

– Foscríbhinn A – an Conradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Paisinéirí d'Iarnród **(CIV)**
– Foscríbhinn B – an Conradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Earraí d'Iarnród **(CIM)**
– Foscríbhinn C – Iompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d'Iarnród **(RID)**
– Foscríbhinn D – an Conradh le haghaidh úsáid feithiclí i dtrácht iarnróid idirnáisiúnta **(CUV)**
– Foscríbhinn E – an Conradh le haghaidh úsáid an bhonneagair i dtrácht iarnróid idirnáisiúnta **(CUI)**
– Foscríbhinn F – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Bailíochtú na gCaighdeán Teicniúil agus glacadh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha is infheidhme maidir le hÁbhar Iarnróid le haghaidh úsáid i dTrácht Idirnáisiúnta **(RA APTU)**
– Foscríbhinn G – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear i dTrácht Idirnáisiúnta **(RA ATMF)**
– Foscríbhinn H – Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le hoibriú sábháilte traenacha i dtrácht idirnáisiúnta **(RA EST)**

Bunaithe ar Fhoscríbhinní F agus G a ghabhann le COTIF, tá 12 Shaintreoir Theicniúla Aonfhoirmeacha ann maidir leis an idir-inoibritheacht theicniúil. Is ionann cuspóir do Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha i gcreat COTIF agus do shonraíochtaí teicniúla an Aontais don idir-inoibritheachta (STIanna) maidir leis an gcead isteach sa trácht idirnáisiúnta, mar a shainítear i gCaibidil II de Threoir (AE) 2016/797.

42 Stát as na 47 Stát atá ina bPáirtithe in COTIF, lena n- áirítear 25 Bhallstát an Aontais a luadh cheana, cuireann siad Foscríbhinní F agus G i bhfeidhm.

### 2.2. Coiste Athbhreithnithe OTIF

Tá sé d'inniúlacht ag an gCoiste Athbhreithnithe cinntí a dhéanamh chun leasú a dhéanamh ar COTIF, ar rialacha aonfhoirmeacha CIV, CIM, CUV agus CUI, agus ar Rialacha

---

[2] An Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999, *IO L 51, 23.2.2013, lgh. 8-10.*

Aonfhoirmeacha APTU agus ATMF i gcásanna áirithe. De réir Airteagal 33 § 4 de COTIF, is féidir leis an gCoiste Athbhreithnithe féin leasuithe a fhormheas nó is féidir leis leasuithe arna nglacadh a chur faoi bhráid Bhallstáit OTIF lena bhformheas ag an gComhthionól Ginearálta.

Reáchtáladh an seisiún deireanach den Choiste Athbhreithnithe, an 26ú ceann, an 27 Feabhra go dtí an 1 Márta 2018.

Bíonn an tAontas agus/nó a Bhallstáit rannpháirteach sa phróiseas sin i gcomhréir lena gcuid inniúlachtaí faoi seach, le Rialacha Nós Imeachta an Choiste Athbhreithnithe, agus le forálacha an Chomhaontaithe maidir le hAontachas an Aontais do Choinbhinsiún COTIF.

### 2.3. Córam agus cearta vótála sa Choiste Athbhreithnithe

Tá córam sa Choiste Athbhreithnithe má tá ionadaíocht á déanamh, tráth na vótála, ar thromlach Bhallstáit OTIF a bhfuil ceart vótála acu.

Le hAirteagal 13(3) de Choinbhinsiún COTIF, áfach, déantar foráil maidir le Ballstáit OTIF a rinne dearbhú nach bhfuil feidhm maidir leo féin ag Foscríbhinn amháin nó níos mó, nach bhfuil ceart vótála acu maidir le leasuithe ar an bhFoscríbhinn lena mbaineann.

Ní dhearna na Ballstáit seo a leanas de chuid OTIF a ndearbhuithe a tharraingt siar maidir le neamh-infheidhme Foscríbhinní áirithe: an Phacastáin, an Rúis (maidir le Rialacha Aonfhoirmeacha maidir leis an gConradh le haghaidh Iompar Idirnáisiúnta Paisinéirí d’Iarnród (CIV), Iompar Idirnáisiúnta Earraí Contúirteacha d’Iarnród (RID), CUV, CUI, APTU agus ATMF), an tSeoirsia (maidir le CUV, CUI, APTU agus ATMF), Poblacht na Seice, an Iorua, an tSlóvaic, an Ríocht Aontaithe (maidir le CUI, APTU agus ATMF), an Fhrainc (maidir le ATMF).

Nuair a bheidh leasuithe ar na Foscríbhinní ábhartha á bplé, ní mór líon na mBallstát de chuid OTIF a rinne dearbhú maidir le neamh-infheidhme na Foscríbhinne i dtrácht a bhaint de líon na gcomhaltaí gníomhacha de chuid OTIF (46) chun an córam a bhunú i dtaca leis an vótáil ar an bhFoscríbhinn i dtrácht.

I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Chomhaontú Aontachais AE-COTIF, i gcás cinntí in ábhair ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, feidhmíonn an tAontas cearta vótála a Bhallstát. Mar a mhínítear thíos, is inniúlacht eisiach de chuid an Aontais Eorpaigh é an t-ábhar seo agus, dá bhrí sin, is é an tAontas a vótálfaidh.

## 3. Na gníomhartha atá beartaithe i nós imeachta i scríbhinn an Choiste Athbhreithnithe

### 3.1. Leasú Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF (Foscríbhinn G go COTIF) agus modhnú na Tuarascála Míniúcháin Comhdhlúite

Tá na modhnuithe riachtanach chun cur i bhfeidhm Dheimhniú an Eintitis atá Freagrach as an gCothabháil a chomhchuibhiú i gcás gach cineáil feithicle mar atá luaite cheana féin i rialachán OTIF. Leagtar amach in Airteagal 14 de Threoir (AE) 2016/798 na forálacha ábhartha de chuid an Aontais maidir leis an Eintiteas tá Freagrach as an gCothabháil.

Tar éis athbhreithniú iomlán a dhéanamh ar Iarscríbhinn A a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF, ina leagtar amach na rialacha maidir le deimhniú Eintiteas atá Freagrach as an gCothabháil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2019/779 maidir le hEintitis atá Freagrach as an gCothabháil[3], tugadh faoi deara go mbeadh gá Airteagail 3a agus 15 de

[3] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/779 ón gCoimisiún an 16 Bealtaine 2019 lena leagtar síos forálacha mionsonraithe maidir le córas deimhniúcháin ar eintitis atá freagrach as cothabháil feithiclí de

Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF a mhodhnú chun na hathruithe san Iarscríbhinn a léiriú. Thairis sin, ba ghá tagairtí do reachtaíocht nua athbhreithnithe de chuid an Aontais a thabhairt cothrom le dáta freisin. Tagann athruithe ar Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF faoi inniúlacht an Choiste Athbhreithnithe.

In 2021, mhol an CTE don Choiste Athbhreithnithe Foscríbhinn G a ghabhann le COTIF a leasú (Doiciméad Oibre CTE TECH-20045-CTE13-7). Tar éis an togra, tháinig ceisteanna chun cinn maidir leis an tagairt d'aitheantas frithpháirteach Eintiteas atá Freagrach as an gCothabháil, tagairt atá sa téacs atá le háireamh sa Tuarascáil Mhíniúcháin Chomhdhlúite maidir le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF. Réitíodh na ceisteanna sin agus ba cheart na leasuithe ar an Tuarascáil Mhíniúcháin Chomhdhlúite a athbhreithniú trí aon tagairt d'aitheantas frithpháirteach a bhaint amach, i gcomhréir leis an tuairim chomhairleach a d'eisigh an Coiste *ad hoc* um Ghnóthaí Dlí agus um Chomhar Idirnáisiúnta le linn a chéad seisiúin i mí na Samhna 2021 (OTIF-21008-JUR 1).

Na modhnuithe atá beartaithe ar Fhoscríbhinn G a ghabhann le COTIF, is ábhar iad a thagann faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus feidhmeoidh an tAontas a chearta vótála.

## 4. COISTE SAINEOLAITHE TEICNIÚLA (CTE) OTIF

Bunaítear an CTE le hAirteagal 13(1)(f) de COTIF. Is éard atá ann Ballstáit OTIF a chuireann Foscríbhinní F (Rialacha Aonfhoirmeacha APTU) agus G (Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF) a ghabhann le COTIF i bhfeidhm.

Tá inniúlacht ag an CTE maidir le gnéithe idir-inoibritheachta agus comhchuibhiú teicniúil sa réimse iarnróid agus sna nósanna imeachta formheasa teicniúla. Forbraíonn sé Foscríbhinní APTU agus ATMF agus a Rialacha Aonfhoirmeacha, a bhfuil feidhm acu le hábhar iarnróid a bhfuil sé beartaithe é a úsáid sa trácht idirnáisiúnta, iad sin a bhaineann go sonrach le:

- saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a ghlacadh le haghaidh feithiclí agus bonneagair agus bhailíochtú na gcaighdeán;
- nósanna imeachta maidir le measúnú ar chomhréireacht feithiclí;
- forálacha maidir le cothabháil feithiclí;
- freagrachtaí maidir le comhdhéanamh traenach agus úsáid shábháilte feithiclí;
- forálacha maidir le meastóireacht agus measúnú riosca;
- sonraíochtaí i gcomhair clár.

Is é (WG TECH) grúpa oibre seasta an CTE faoi láthair agus is é atá freagrach as cinntí an CTE a ullmhú.

De bhun Airteagal 20(1)(b) de COTIF, agus i gcomhréir le hAirteagal 6 d'Fhoscríbhinn F (APTU), tá an inniúlacht ag an CTE Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a ghlacadh nó a leasú. I gcomhréir le hAirteagal 7a de Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF (Foscríbhinn G a ghabhann le COTIF), '*Tá Coiste na Saineolaithe Teicniúla inniúil chun treoirlínte nó forálacha sainordaitheacha a ghlacadh le haghaidh maoluithe ar Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha struchtúracha agus feidhmiúla.*'

---

bhun Threoir (AE) 2016/798 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 445/2011 ón gCoimisiún (IO L 139I , 27.5.2019, lch. 360).

### 4.1. Glacadh gníomhartha ag an CTE

De réir Airteagal 6 de APTU, déanfaidh an CTE cinneadh maidir le Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha, nó foráil lena leasaítear iad, a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta a leagtar síos in Airteagail 16, 20 agus 33 § 6 den Choinbhinsiún. D'fhéadfadh sé go dtógfadh an gnáthphróiseas glactha le haghaidh Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha suas le bliain go leith.

### 4.2. Na gníomhartha atá beartaithe agus atá le glacadh ag an CTE le linn sheisiúin an 14 agus an 15 Meitheamh 2022

*4.2.1. Modhnú ar Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le Feidhmchláir Theileamaitice le haghaidh Lasta. Tá an méid seo a leanas ar áireamh sna modhnuithe atá beartaithe:*

– Forálacha atá tugtha cothrom le dáta maidir le coibhéis le forálacha an Aontais Eorpaigh;

– Struchtúr an doiciméid a thabhairt cothrom le dáta;

– An ceanglas gur cheart do na Páirtithe Conarthacha nach de chuid an Aontais iad a bPointe Teagmhála Náisiúnta a chur in iúl do Rúnaíocht OTIF;

– Forálacha a chur isteach a bhaineann le Leithdháileadh Conairí agus Faisnéis faoi Rith Traenacha;

– Ionadú forálacha maidir le comhdhéanamh traenacha, le tagairt do Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha TCRC;

– Gluais Fhoscríbhinn II a thabhairt cothrom le dáta agus giorrúcháin nach n-úsáidtear a thuilleadh a scriosadh sa téacs dlíthiúil;

– Na tagairtí dlíthiúla is déanaí faoi COTIF agus faoi dhlí an Aontais a thabhairt cothrom le dáta sa doiciméad trí chéile;

– Modhnuithe eagarthóireachta;

– Na tagairtí do dhoiciméid theicniúla arna n-eisiúint ag Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh a thabhairt cothrom le dáta, ar doiciméid iad ina leagtar amach na sonraíochtaí TF comhchuibhithe chun TAF a chur chun feidhme.

Leis na modhnuithe atá beartaithe déanfar na Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha maidir le TAF a ailíniú leis an leagan is déanaí de na Sonraíochtaí Teicniúla don Idir-Inoibritheacht agus áiritheofar leo go mbeidh rialacha TAF le haghaidh feithiclí a úsáidtear i dtrácht idirnáisiúnta d’iarnród, coibhéiseach go hiomlán de réir bhrí Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF. Rinneadh STI AE a leasú go deireanach le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/541 ón gCoimisiún[4] an 26 Márta 2021.

Tagann an cheist faoi inniúlacht eisiach an Aontais agus feidhmeoidh an tAontas na cearta vótála chun na modhnuithe ar Shaintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha TAF a ghlacadh.

*4.2.2. Modhnú Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF (Maoluithe)*

Is é aidhm an togra seo maidir le hathbhreithniú iomlán a dhéanamh ar Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF na rialacha agus na treoirlínte a fhoirmliú ar

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/541 ón gCoimisiún an 26 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar ríomh agus malartú sonraí agus iad a shimpliú agus an próiseas um Bainistiú Rialaithe Athruithe a thabhairt cothrom le dáta (IO L 108, 29.3.2021, lch. 19).

bhealach níos simplí agus níos soiléire maidir le neamh-infheidhme Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha ina n-iomláine nó forálacha áirithe díobh. Bheadh na forálacha atá beartaithe infheidhme maidir le Páirtithe Conarthacha neamh-AE amháin[5]. Rialaítear maoluithe ó STIanna faoi dhlí an Aontais le hAirteagal 7 de Threoir (AE) 2016/797.

I gcomparáid leis an leagan atá i bhfeidhm, déanfaidh an t-athbhreithniú iomlán atá beartaithe ar Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF an méid seo a leanas:

– Na forálacha a shimpliú;

– An raon feidhme agus na rialacha a bhaineann le maoluithe a shoiléiriú;

– Cúraimí agus róil uile Ard-Rúnaí OTIF a bhaint as;

– Inniúlachtaí údaráis inniúla na bPáirtithe Conarthacha a threisiú;

– Trédhearcacht a áirithiú.

Leis na modhnuithe atá beartaithe déanfar na nósanna imeachta um maolú i gcás na bPáirtithe Conarthacha neamh-AE a ailíniú leis na forálacha is infheidhme cheana féin maidir le Ballstáit an Aontais, rud a áiritheoidh go mbeidh na rialacha um maolú le haghaidh feithiclí a úsáidtear i dtrácht idirnáisiúnta d'iarnród, fós coibhéiseach go hiomlán de réir bhrí Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF.

Tá inniúlacht eisiach ag an Aontas maidir leis an ábhar agus feidhmeoidh sé na cearta vótála chun an togra a ghlacadh chun Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF (Maoluithe) a mhodhnú.

### 4.3. Inniúlacht an Aontais agus cearta vótála

Is iad Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/541 ón gCoimisiún agus Airteagal 7 de Threoir (AE) 2016/797 faoi seach na rialacha atá ag an Aontas faoi láthair a chumhdaítear leis an ngníomh atá le glacadh le linn chruinniú an CTE.

De réir Airteagal 3(2) CFAE, tá inniúlacht eisiach ag an Aontas i gcás ina mbíonn tionchar ag COTIF, nó ag na hionstraimí dlíthiúla arna nglacadh dá bhun, ar raon feidhme rialacha an Aontais atá ann cheana nó ina ndéanann siad athrú ar an raon feidhme sin.

Tá an méid seo a leanas de chuspóir ag na cinntí OTIF atá beartaithe:

- Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha TAF a ailíniú le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/541 ón gCoimisiún[6] an 26 Márta 2021;
- na rialacha a shimpliú maidir leis an maolú ar chur i bhfeidhm Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a leagtar amach in Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF le haghaidh Stáit Chonarthacha neamh-AE agus i bhfianaise Airteagal 7 de Threoir (AE) 2016/797 maidir le nemah-infheidhme STIanna.

Is léir go ndéanfar difear do na rialacha thuasluaite de chuid an Aontais de thoradh ghlacadh na gcinntí.

---

[5] Maoluithe ó chur i bhfeidhm STIanna ag na Stáit Chonarthacha ar Ballstáit den Aontas Eorpach iad freisin agus Stáit Chonarthacha a chuireann dlí ábhartha an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm i gcomhréir le comhaontú leis an Aontas Eorpach, bheadh siad fós faoi réir dhlí an Aontais.

[6] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/541 ón gCoimisiún an 26 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar ríomh agus malartú sonraí agus iad a shimpliú agus an próiseas um Bainistiú Rialaithe Athruithe a thabhairt cothrom le dáta (IO L 108, 29.3.2021, lch. 19)

Dá bhrí sin, tá ábhar na gcinntí sin faoi réir inniúlacht eisiach an Aontais.

Foráiltear an méid seo a leanas le hAirteagal 6 (1) – (3) de Chomhaontú Aontachais AE-COTIF:

'1. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair ina bhfuil inniúlacht eisiach ag an Aontas, déanfaidh an tAontas cearta vótála a Bhallstát faoin gCoinbhinsiún a fheidhmiú.

2. Maidir le cinntí i ndáil le hábhair ina roinneann an tAontas a inniúlacht lena Bhallstáit, vótálfaidh an tAontas nó a Bhallstáit.

3. Faoi réir Airteagal 26, mír 7 den Choinbhinsiún, beidh líon na vótaí atá ag an Aontas mar an gcéanna le líon na vótaí atá ag a Bhallstáit atá ina bPáirtithe sa Choinbhinsiún freisin. Nuair a vótálfaidh an tAontas, ní vótálfaidh na Ballstáit.'

Ar an dóigh sin, déanfaidh an tAontas, agus an Coimisiún ag déanamh ionadaíochta air, na cearta vótála a fheidhmiú i ndáil le glacadh na gcinntí sin.

## 5. AN SEASAMH ATÁ LE GLACADH THAR CEANN AN AONTAIS

Ba cheart don Aontas tacú leis na gníomhartha OTIF atá beartaithe agus vótáil i bhfabhar a nglactha.

## 6. BUNÚS DLÍ

### 6.1. Bunús dlí an nós imeachta

*6.1.1. Prionsabail*

Déantar foráil le hAirteagal 218(9) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) maidir le cinntí lena mbunaítear '*na seasaimh a ghlacfar thar ceann an Aontais i gcomhlacht arna chur ar bun le comhaontú nuair a iarrtar ar an gcomhlacht sin gníomhartha a ghlacadh a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo, seachas gníomhartha lena bhforlíonfar nó lena leasófar creat institiúideach an chomhaontaithe*.'

Áirítear leis an gcoincheap '*gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo*' gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo de bhua rialacha an dlí idirnáisiúnta lena rialaítear an comhlacht atá i gceist. Áirítear ann freisin ionstraimí nach bhfuil éifeacht cheangailteach leo faoin dlí idirnáisiúnta, ach '*a d'fhéadfadh tionchar cinntitheach a imirt ar ábhar na reachtaíochta a ghlacfaidh reachtas an Aontais Eorpaigh*'[7].

*6.1.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is comhlachtaí iad an Coiste Athbhreithnithe agus an CTE a cuireadh ar bun le comhaontú, mar atá COTIF, go háirithe Airteagal 13(1)(c) agus (f).

Is gníomhartha a bhfuil éifeachtaí dlíthiúla leo iad na gníomhartha atá le glacadh tríd an nós imeachta i scríbhinn ag an gCoiste Athbhreithnithe agus na gníomhartha a n-iarrtar ar an CTE a ghlacadh le linn a 14ú seisiún.

Modhnaítear creat dlíthiúil OTIF leis na gníomhartha atá beartaithe. Ós rud é gur páirtí conarthach iomlán in COTIF é an tAontas, beidh na gníomhartha atá beartaithe ina gceangal ar an Aontas faoin dlí idirnáisiúnta i gcomhréir le Comhaontú Aontachais AE-COTIF.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 218(9) CFAE an bunús dlí don nós imeachta maidir leis an gcinneadh atá beartaithe.

[7] Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 7 Deireadh Fómhair 2014, an Ghearmáin v an Chomhairle, C-399/12, ECLI:EU:C:2014:2258, míreanna 61 go 64

### 6.2. Bunús substaintiúil dlí

*6.2.1. Prionsabail*

Braitheann an bunús substaintiúil dlí atá le cinneadh faoi Airteagal 218(9) CFAE go príomha ar chuspóir agus ar ábhar an ghnímh atá beartaithe a nglacfar seasamh thar ceann an Aontais ina leith.

*6.2.2. Cur i bhfeidhm maidir leis an gcás seo*

Is le hiompar idirnáisiúnta d'iarnród a bhaineann príomhchuspóir agus príomhábhar an ghnímh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, is é Airteagal 91 CFAE bunús substaintiúil dlí an chinnidh atá beartaithe.

## 7. CONCLÚID

Ba cheart Airteagal 91 CFAE, i gcomhar le hAirteagal 218(9) CFAE, a bheith ina bhunús dlí leis an gcinneadh atá beartaithe.

## 8. FOILSIÚ AN GHNÍMH ATÁ BEARTAITHE

Ós rud é go leasóidh an gníomh ón gCoiste Athbhreithnithe COTIF agus cuid de na Foscríbhinní a ghabhann leis, is iomchuí é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* tar éis a ghlactha.

2022/0163 (NLE)

Togra le haghaidh

# CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

**maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh ag an 14ú cruinniú de Choiste Saineolaithe Teicniúla na hEagraíochta Idir-Rialtasaí um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród a mhéid a bhaineann leis na modhnuithe ar na saintreoracha teicniúla aonfhoirmeacha a bhaineann le feidhmchláir theileamaitice le haghaidh lasta agus le modhnú Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF maidir le maoluithe, agus sa nós imeachta i scríbhinn de chuid Choiste Athbhreithnithe OTIF a mhéid a bhaineann leis an modhnú ar Fhoscríbhinn G a ghabhann le COTIF**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 91, i gcomhar le hAirteagal 218(9) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) D'aontaigh an tAontas don Choinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnius an 3 Meitheamh 1999 ('COTIF'), i gcomhréir le Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle[8] agus leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (OTIF) maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh le Coinbhinsiún COTIF ('an Comhaontú').

(2) Maidir leis an gCoiste Athbhreithnithe arna chur ar bun i gcomhréir le pointe (c) d'Airteagal 13(1) de COTIF, tá coinne leis go gcuirfidh sé nós imeachta i scríbhinn i gcrích chun cinneadh a dhéanamh maidir le leasú Airteagal 3a § 5 agus Airteagal 15 § 2 de na Rialacha Aonfhoirmeacha a bhaineann le Cead Isteach Teicniúil d'Ábhar Iarnróid a úsáidtear i dTrácht Idirnáisiúnta (Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF) – Foscríbhinn G a ghabhann le COTIF.

(3) Mar thoradh ar an togra ó CTE 2021 maidir le hathbhreithniú Foscríbhinn G a ghabhann le COTIF Airteagal 3a § 5 agus Airteagal 15 § 2, tháinig ceisteanna chun cinn maidir leis an téacs atá le háireamh sa Tuarascáil Mhíniúcháin Chomhdhlúite a bhaineann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF. Dá bhrí sin, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an togra a leagtar síos sa doiciméad oibre de chuid an CTE TECH-20045-CTE13-7 i gcomhréir leis an tuairim chomhairleach a ghlac an Coiste *ad hoc* um Ghnóthaí Dlí agus um Chomhar Idirnáisiúnta le linn a chéad seisiúin i mí na Samhna 2021 OTIF-21008-JUR 1 sular ghlac an Coiste Athbhreithnithe í.

---

[8] Cinneadh 2013/103/AE ón gComhairle an 16 Meitheamh 2011 maidir le síniú agus tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus an Eagraíocht Idir-rialtasach um Iompar Idirnáisiúnta d'Iarnród maidir le hAontachas an Aontais Eorpaigh leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród (COTIF) an 9 Bealtaine 1980, arna leasú le Prótacal Vilnias an 3 Meitheamh 1999, (IO L 51, 23.2.2013, lch. 1.)

(4) Is é is cuspóir don chinneadh ón gCoiste Athbhreithnithe Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF a ailíniú le Treoir Sábháilteachta (AE) 2016/798.

(5) De bhun Airteagal 13(1)(f) de COTIF, rinneadh Coiste Saineolaithe Teicniúla ('CTE') OTIF a chur ar bun.

(6) De bhun Airteagal 20(1)(b) de COTIF, agus i gcomhréir le hAirteagal 6 de na Rialacha Aonfhoirmeacha maidir le Caighdeáin Theicniúla a Bhailíochtú agus Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha a ghlacadh is infheidhme maidir le hÁbhar Iarnróid le haghaidh úsáid sa Trácht Idirnáisiúnta (APTU) – Foscríbhinn F a ghabhann le COTIF, tá an CTE inniúil chun Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha (UTP) a ghlacadh nó a leasú, *inter alia*, maidir le hiarratas feidhmchláir theileamaitice le haghaidh lasta (UTP TAF).

(7) I gcomhréir le hAirteagal 20 § 1 e) de COTIF agus le hAirteagail 7a agus 21 de Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF, Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF maidir le maoluithe ó chur i bhfeidhm saintreoracha aonfhoirmeacha teicniúla, tá an Coiste Saineolaithe Teicniúla inniúil chun an iarscríbhinn sin a ghlacadh nó a leasú.

(8) Ar chlár oibre an 14ú seisiún dá chuid a bheidh ar siúl an 14 agus an 15 Meitheamh 2022 chuir an CTE togra le haghaidh cinntí maidir le leasú a dhéanamh ar UTP TAF - feidhmchláir theileamaitice maidir le cleachtais éagóracha trádála (TAF) – feidhmchlár teileamaitice le haghaidh lasta agus maidir le hathbhreithniú Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF maidir le maoluithe ó chur i bhfeidhm Saintreoracha Aonfhoirmeacha Teicniúla.

(9) Is iomchuí an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais sa CTE a bhunú agus, a mhéid a bhaineann leis an athbhreithniú ar ATMF, i gCoiste Athbhreithnithe OTIF, ós rud é go mbeidh na cinntí atá beartaithe ina gceangal ar an Aontas.

(10) Is iad cuspóirí chinneadh an CTE cleachtais UTP TAF a ailíniú le rialacha an Aontais, is é sin Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/541 ón gCoimisiún[9] agus Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF a ghabhann le Treoir (AE) 2016/797.

(11) Tá na cinntí ó OTIF atá beartaithe i gcomhréir le dlí agus le cuspóirí straitéiseacha an Aontais toisc go gcuireann siad le hailíniú reachtaíocht OTIF le forálacha coibhéiseacha dhlí an Aontais, agus ar an ábhar sin ba cheart don Aontas tacú leo,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Is é an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais san athbhreithniú páirteach ar Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF – Foscríbhinn G a ghabhann le COTIF trí nós imeachta i scríbhinn ón gCoiste Athbhreithnithe a cuireadh ar bun leis an gCoinbhinsiún maidir le hIompar Idirnáisiúnta d'Iarnród, go vótálfar i bhfabhar togra an CTE chun leasú a dhéanamh ar Airteagal 3a § 5 agus Airteagal 15 § 2 de Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF (Foscríbhinn G a ghabhann le COTIF) mar a leagtar síos sa doiciméad oibre de chuid an CTE, TECH-20045-CTE13-7, ar choinníoll go mbainfear amach aon tagairt d'aitheantas frithpháirteach as

[9] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/541 ón gCoimisiún an 26 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1305/2014 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar ríomh agus malartú sonraí agus iad a shimpliú agus an próiseas um Bainistiú Rialaithe Athruithe a thabhairt cothrom le dáta (IO L 108, 29.3.2021, lch. 19)

Iarscríbhinn II de, i gcomhréir leis an tuairim chomhairleach ón gCoiste *ad hoc* um Ghnóthaí Dlí agus um Chomhar Idirnáisiúnta le linn a chéad seisiúin i mí na Samhna 2021 OTIF-21008-JUR 1. Mura mbainfear amach an tagairt thuasluaite, vótálfaidh an tAontas i gcoinne thogra an CTE.

*Airteagal 2*

Is mar seo a leanas a bheidh an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais le linn an 14ú seisiún de CTE COTIF maidir leis na modhnuithe ar UTP TAF, agus maidir le hathbhreithniú Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF maidir le maoluithe ar chur i bhfeidhm Saintreoracha Teicniúla Aonfhoirmeacha:

(1) go vótálfar i bhfabhar togra an CTE maidir le UTP TAF a thabhairt cothrom le dáta, mar atá le fáil sa togra sa doiciméad oibre de chuid CTE TECH-22004-CTE14;

(2) go vótálfar i bhfabhar togra an CTE go dtabharfaí cothrom le dáta Iarscríbhinn B a ghabhann le Rialacha Aonfhoirmeacha ATMF maidir le maoluithe ó chur i bhfeidhm Saintreoracha Aonfhoirmeacha Teicniúla, mar atá le fáil sa doiciméad oibre de chuid CTE TECH-22005-CTE14.

*Airteagal 3*

Nuair a ghlacfar na cinntí ón gCoiste Athbhreithnithe agus ón gCoiste Saineolaithe Teicniúla, foilseofar iad in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*, agus dáta a dteacht i bhfeidhm á shonrú.

*Airteagal 4*

Is chuig an gCoimisiún a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*